Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11761/23**

**CYBER 184**
**DROIPEN 107**
**IA 180**
**JAI 998**
**MI 607**
**TELECOM 229**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 363 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE lena measúnaítear a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun comhlíonadh a dhéanamh ar Threoir (AE) 2019/713 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 363 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 363 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
COM(2023) 363 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**lena measúnaítear a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun comhlíonadh a dhéanamh ar Threoir (AE) 2019/713 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle**

GA GA

## 1. Réamhrá

Calaois agus góchumadh modha íocaíochta neamhairgid, amhail cártaí creidmheasa nó íocaíochta, is foinse ioncaim iad do ghrúpaí coireachta eagraithe agus fágann siad gur féidir dul i mbun gníomhaíochtaí coiriúla eile amhail an sceimhlitheoireacht, an gháinneáil ar dhrugaí agus an gháinneáil ar dhaoine. Tá na coireanna sin ina gcúis le caillteanais mhóra: €1,87 billiún a bhí i luach iomlán na n-idirbheart calaoiseach inar úsáideadh cárta a eisíodh laistigh den Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro in 2019[1]. Baineann formhór mór na n-idirbheart calaoiseach le calaois a dhéantar gan an cárta ann/i láthair: in 2019, idirbhearta gan an cárta ann/i láthair, i.e. íocaíochtaí tríd an idirlíon, tríd an bpost nó ar an bhfón, a bhí in 80 % den chalaois cártaí de réir luacha[2]. Bhí €1,50 billiún de chaillteanais chalaoise ann in 2019 de thoradh calaois a rinneadh gan an cárta ann/i láthair, ar méadú 4,3 % é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin[3].

Tá gné shoiléir thrasteorann i gceist: Bhain níos mó ná leath de luach iomlán na calaoise in 2019 le hidirbhearta trasteorann laistigh den limistéar aonair d'íocaíochtaí euro. Ó thaobh na tíreolaíochta de, is idirbhearta intíre a bhí in 89 % de na hidirbhearta cártaí uile de réir luacha in 2019, ach níor idirbhearta intíre iad ach 35 % de na hidirbhearta calaoiseacha de réir luacha. Idirbhearta trasteorann laistigh den limistéar aonair d'íocaíochtaí euro a bhí in 9 % de na hidirbhearta cárta uile ó thaobh luacha de, ach 51 % den chalaois a tuairiscíodh.[4]

Chun na coireanna sin a chomhrac go héifeachtach, ní mór do na Ballstáit a shainiú le chéile cad iad na gníomhaíochtaí ba cheart a mheas mar chalaois agus góchumadh modha íocaíochta neamhairgid. Tá neas-leibhéil smachtbhannaí agus na modhanna oibríochta de dhíth orthu freisin chun cionta a thuairisciú agus faisnéis a mhalartú idir údaráis. Dá réir sin, an 17 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2019/713('an Treoir') maidir le calaois agus góchumadh modha íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle.[5] Freagraíonn an tuarascáil seo don cheanglas faoi Airteagal 21 den Treoir.

### 1.1. Cuspóirí agus raon feidhme na Treorach

Is iad cuspóirí na Treorach dlí coiriúil na mBallstát a chomhfhogasú[6] i réimse na calaoise agus an ghóchumtha modha íocaíochta neamhairgid agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis inniúla. Chuige sin, bunaítear sa Treoir rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus

[1] *European Central Bank, Seventh report on card fraud* [An Banc Ceannais Eorpach, An Seachtú tuarascáil ar chalaois cártaí], le fáil ag https://www.ecb.europa.eu/pub/cardfraud/html/ecb.cardfraudreport202110~cac4c418e8.en.html

[2] Ibid.

[3] Ibid.

[4] Ibid.

[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2019.123.01.0018.01.ENG.

[6] Ón bpointe seo ar aghaidh agus mura sonrófar a mhalairt go sainráite, tagraíonn 'na Ballstáit' nó 'na Ballstáit uile' do na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Treoir, i.e. Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh seachas an Danmhairg agus Éire, ar Ballstáit iad nach raibh rannpháirteach i nglacadh na Treorach, i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le Prótacal 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, faoi seach.

smachtbhannaí coiriúla a shainiú. Tá raon feidhme na Treorach leathan agus cumhdaíonn sé aon 'gléas, rud nó taifead neamhchorprach nó corprach atá cosanta, nó comhcheangal de na nithe sin, seachas airgead dlíthairgthe, lena gcuirtear, as féin nó i gcomhair le nós imeachta nó sraith de nósanna imeachta, ar chumas an tsealbhóra nó an úsáideora airgead nó luach airgeadúil a aistriú, lena n-áirítear trí bhíthin modhanna malairte digiteacha,' Airteagal 2(a)[7]. Mar shampla, chumhdófaí feidhmchlár íocaíochta móibíleach i gcomhar leis an nós imeachta údaraithe (e.g. PIN) faoin sainmhíniú sin. Áirítear airgeadraí fíorúla ann freisin, Airteagail 2(d) agus 6.

**Sa Treoir, sainítear cionta coiriúla sonracha**, is iad sin:

- Úsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhairgid (Airteagal 3);
- Cionta a bhaineann le húsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta corpracha neamhairgid (Airteagal 4);
- Cionta coiriúla a bhaineann le húsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhchorpracha neamhairgid (Airteagal 5);
- Calaois a bhaineann le córais faisnéise (Airteagal 6);
- Soláthar neamhdhleathach uirlisí a úsáidtear chun na cionta a luaitear a dhéanamh (Airteagal 7).

Ina theannta sin, déanann an Treoir **'dliteanas coiriúil' a leathnú** chuig gríosú, cabhrú agus neartú a dhéanann daoine nádúrtha agus/nó daoine dlítheanacha chun na cionta thuasluaite a dhéanamh (Airteagal 8) nó iarracht a dhéanamh na cionta sin a dhéanamh.

In Airteagal 9, foráiltear maidir le leibhéil íosta le haghaidh na b**pionós** uasta i gcás cionta dá dtagraítear sa Treoir.

Sna hAirteagail ina dhiaidh sin, cuirtear coinníollacha íosta maidir le **dliteanas daoine dlítheanacha** ar bun (Airteagal 10) agus cuirtear smachtbhannaí ar bun lena n-áireofar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus lena soláthrófar liosta eiseamláireach de smachtbhannaí eile ina gcoinne (Airteagal 11).

Is é cuspóir Airteagal 12 a áirithiú go ndéanfar na ciontóirí mar a leagtar amach sa Treoir a ionchúiseamh i leith na gcionta faoi Airteagail 3 go 8 den Treoir. Is gá **dlínse** Bhallstáit a bhunú a) i gcás ina ndéantar an cion ina iomláine nó go páirteach ar chríoch an Bhallstáit, agus/nó b) i gcás inar náisiúnach den Bhallstát sin an ciontóir. Is é sin le rá, in Airteagal 12(1), pointe (a) den Treoir, leagtar amach prionsabal an chríochachais agus i bpointe (b) tagraítear do phrionsabal na náisiúntachta gníomhaí.

In Airteagal 13(1) den Treoir, i gcás na n-**uirlisí imscrúdaitheacha** chun na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 a imscrúdú nó a ionchúiseamh, luaitear gur cheart dóibh a bheith éifeachtach, comhréireach agus ar fáil do na daoine, na haonaid agus na seirbhísí freagracha. Ba cheart faisnéis maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 a bheith curtha chuig na húdaráis atá ag déanamh imscrúdú nó ionchúiseamh ar na cionta sin, gan moill mhíchuí, de réir Airteagal 13(2) den Treoir.

Maidir le malartú faisnéise, le hAirteagal 14, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil **pointí teagmhála** oibríochtúla náisiúnta acu atá ar fáil 24 uair in aghaidh an lae agus 7 lá in

7 Tagraíonn na hairteagail uile a luaitear d'airteagail na Treorach mura sonraítear a mhalairt.

aghaidh na seachtaine, ionas gur féidir leo freagra a thabhairt d'aon iarraidh eachtrach phráinneach laistigh de 8 n-uaire an chloig.

Thairis sin, le hAirteagal 15(1) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit bealaí iomchuí a chur ar bun chun **na cionta** dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 **a thuairisciú** d'údaráis phoiblí gan moill mhíchuí. Iarrtar ar institiúidí airgeadais go háirithe amhras faoi chalaois a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha (Airteagal 15(2)). Is minic gurb é an tuairisciú túsphointe na n-imscrúduithe coiriúla (Aithris 27).

Faoi dheireadh, in Airteagail 16 agus 17 den Treoir, pléitear **cúnamh agus tacaíocht d'íospartaigh** agus **cosc** faoi seach.

1.2 Cuspóir agus modheolaíocht na tuarascála

Le hAirteagal 20 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha reachtaíochta is gá a fheidhmiú chun an Treoir a chomhlíonadh faoin 31 Bealtaine 2021 agus iad a chur in iúl don Choimisiún.

Freagraíonn an tuarascáil seo don cheanglas faoi Airteagal 21 den Treoir go dtuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, go ndéanfaidh sé measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir a chomhlíonadh. Leis an tuarascáil – arb í an chéad tuarascáil faoi Airteagal 21 í — tugtar forléargas ar na príomhbhearta trasuite a rinne na Ballstáit.

Is é a bhí i gceist leis an trasuí a rinne na Ballstáit faisnéis a bhailiú maidir leis an reachtaíocht ábhartha agus leis na bearta riaracháin, anailís a dhéanamh uirthi, reachtaíocht nua a dhréachtú nó — i bhformhór na gcásanna — gníomhartha atá ann cheana a leasú, coinneáil leis go dtí an glacadh agus í a thuairisciú don Choimisiún faoi dheireadh.

Faoi dháta an trasuite, (an 31 Bealtaine 2021), chuir 9 mBallstát in iúl don Choimisiún gur chuir siad trasuí na Treorach i gcrích go hiomlán agus gur chuir siad a mbearta trasuite in iúl dó. I mí Iúil 2021, d'oscail an Coimisiún nósanna imeachta um shárú i dtaca le gan cumarsáid a bheith déanta maidir le bearta náisiúnta trasuite in aghaidh na 16 Bhallstát eile: AT, BE, BG, CY, CZ, EL, ES, HR, IT, LU, LV, MT, PL, PT, RO agus SI[8]. Cé gur thug 15 Bhallstát fógra faoina mbearta trasuite ó shin, ón 30 Aibreán 2023 ar aghaidh, tá nós imeachta um shárú i dtaca le gan cumarsáid a bheith déanta maidir le bearta náisiúnta trasuite in aghaidh BG ar feitheamh go fóill.[9]

Tá an tuairisc agus an anailís ina dhiaidh sin sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis maidir le bearta náisiúnta trasuite a sholáthair na Ballstáit faoin 31 Eanáir 2023. Níor cuireadh fógraí a fuarthas tar éis an dáta sin san áireamh. Cuireadh na bearta uile a thagraíonn don reachtaíocht náisiúnta san áireamh chomh maith le cinntí cúirte agus – i gcás inarb iomchuí – teoiric choitinn dhlíthiúil. Thairis sin, le linn na hanailíse, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na Ballstáit go díreach i gcás inarb iomchuí chun faisnéis nó soiléirithe breise a fháil. Cuireadh an fhaisnéis uile a bailíodh san áireamh le haghaidh na hanailíse.

[8] Giorraítear ainmneacha na mBallstát sa doiciméad seo de réir: http://publications.europa.eu/code/ga/ga-5000600.htm.

[9] Tá faisnéis maidir le cinntí ón gCoimisiún i dtaca le nósanna imeachta le fáil ag: http://ec.europa.eu/atwork/applying-eu-law/infringements-proceedings/infringement_decisions/?lang_code=ga.

Sa bhreis ar na saincheisteanna a shainaithnítear sa tuarascáil seo, d'fhéadfadh tuilleadh dúshlán a bheith ann maidir le trasuí agus forálacha eile nach dtuairiscítear don Choimisiún nó maidir le forbairtí reachtacha agus neamhreachtacha a bheadh ann amach anseo. Dá bhrí sin, leis an tuarascáil seo, ní chuirfear cosc ar an gCoimisiún tuilleadh meastóireachta a dhéanamh ar roinnt forálacha agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na Ballstáit maidir le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach seo.

## 2. Bearta trasuite

2.1. Sainmhínithe dlíthiúla

In Airteagal 2, leagtar amach na sainmhínithe ar na príomhthéarmaí a úsáidtear sa Treoir, is iad sin na téarmaí seo a leanas: ionstraim íocaíochta neamhairgid; gléas, rud nó taifead; modh malairte digiteach; airgeadra fíorúil; córas faisnéise; sonraí ríomhaireachta; duine dlítheanach.

Den chuid is mó, thrasuigh na Ballstáit na sainmhínithe trí bheith ag brath ar dhlíthe a bhí ann roimh an Treoir nó a glacadh tar éis a teacht i bhfeidhm. I gcásanna áirithe, cé nach bhfuil aon fhorálacha ann lena leagtar amach sainmhínithe go sonrach, déantar na cionta a thrasuí trí fhorálacha ginearálta den chód coiriúil a bhfuil raon feidhme níos leithne acu, e.g. forálacha maidir le gadaíocht. Dá bhrí sin, ní gá go dtugtar neamhiomláine nó neamhchomhlíonadh le fios toisc nach ndearnadh cumarsáid maidir le trasuí focal ar fhocal ar an sainmhíniú.

Thairis sin, le roinnt de na sainmhínithe, déantar crostagairtí do shainmhínithe a leagtar amach i dtreoracha eile.

a) Ionstraimí íocaíochta neamhairgid

Sa mheasúnú, léiríodh ar a laghad cás amháin de thrasuí neamhiomlán, mar ní raibh an sainmhíniú a leagadh síos le Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle tugtha cothrom le dáta. Dá réir sin, tagraíonn sé d'uirlisí íocaíochta corpracha agus ní chumhdaítear leis 'gléas, rud nó taifead atá cosanta, nó comhcheangal de na nithe sin', dá bhforáiltear i sainmhíniú na Treorach.

b) Gléas, rud nó taifead atá cosanta

Níl an sainmhíniú sin trasuite ag roinnt Ballstát (BG, CZ, EE, ES, FI, HR, LT, NL, PL, PT, RO, SI). Ní gá go measfaí gur cás neamhchomhlíonta é sin mar, de ghnáth, bíonn an bhrí féinmhínitheach nó is féidir í a thuiscint ó fhoclaíocht an tsainmhínithe ar ionstraim íocaíochta neamhairgid. I roinnt tíortha, mínítear an coincheap i saothair ullmhúcháin.

c) Modh digiteach íocaíochta agus airgeadra fíorúil

Tá an dá shainmhíniú lárnach do Threoir 2019/713 arb é ba phríomhchuspóir di aghaidh a thabhairt ar Chinneadh Réime 2001/413/CGB gan a bheith in oiriúint do na dálaí reatha a thuilleadh agus gan a bheith ag déileáil go leormhaith le dúshláin nua agus le forbairtí teicneolaíochta amhail airgeadraí fíorúla agus íocaíochtaí móibíleacha ar ghá iad a áireamh ann chun freagairt chuimsitheach ar an bhfeiniméan a áirithiú agus bearnaí neamhbheartaithe sa choiriúlú a dhúnadh.

Is í an phríomhshaincheist a thagann aníos leis an trasuí cumhdach an airgeadra fhíorúil a shainítear in Airteagal 2(d) den Treoir. Cé go sainmhínítear ríomh-airgead sna Ballstáit uile, go minic mar thoradh ar thrasuí na Treorach um Airgead Leictreonach[10], ní bhíonn sainmhíniú agus cumhdach an airgid fhíorúil simplí i gcónaí.

[10] Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuama a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE, IO L 267, 10.10.2009

In HU, meastar gur maoin agus sonraí leictreonacha atá in airgeadra fíorúil, agus is féidir go mbeidh sé faoi réir coigistíochta maoine agus urghabhála. Ar an gcuma chéanna, in PL, ní shainmhínítear airgeadra fíorúil sa reachtaíocht agus tá leibhéal áirithe éiginnteachta ann maidir le cé acu a chumhdófaí é leis na cionta difriúla is ábhartha do thrasuí na Treorach nó nach gcumhdófaí, cé go measann roinnt údar go bhféadfadh airgeadra fíorúil a bheith faoi fhorálacha an Chóid Choiriúil lena rialaítear cionta a bhaineann le faisnéis, iompróir sonraí nó sonraí faisnéise.

Thrasuigh roinnt Ballstát na sainmhínithe sin trí rialacha airgeadais seachas i ndlíthe coiriúla (AT, BE, BG, CY, CZ, DE, EE, EL, ES, HR, HU, LT, LU, LV, SI). Mar sin féin, tá crostagairt ann do na forálacha ábhartha sa reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos na cionta, rud nach mbaineann leis na cásanna sin ar fad. Ar deireadh, i dtrí Bhallstát (IT, MT, RO), tá an dá sainmhíniú trasuite sa Chód Coiriúil.

d) Córas Faisnéise

In Airteagal 2(e), sainmhínítear 'córas faisnéise' trí chrostagairt a dhéanamh do phointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 2013/40/AE. Thrasuigh na Ballstáit uile an sainmhíniú i gcomhréir leis an Treoir.

e) Sonraí ríomhaireachta

In Airteagal 2(f), sainmhínítear 'córas faisnéise' trí chrostagairt a dhéanamh do phointe (b) d'Airteagal 2 de Threoir 2013/40/AE. Thrasuigh na Ballstáit uile Airteagal 2(f) i gcomhréir leis an Treoir.

f) Duine dlítheanach

Faoi dheireadh, in Airteagal 2(g), sainmhínítear 'duine dlítheanach'. Thrasuigh na Ballstáit uile, beagnach, an téarma sin a ina gcuid reachtaíochta. Is é SE an t-aon eisceacht amháin nach sainmhíníonn 'duine dlítheanach'. Is é an téarma is cóngaraí a úsáidtear sa trasuí 'gnóthas'. Ní shainmhínítear an téarma seo in aon téacs dlíthiúil, ná i bhfoirceadal dlíthiúil ná cásdlí.

## 2.2 Cionta coiriúla sonracha

a) Úsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhairgid

In Airteagal 3(a) den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gurb inphionóis, mar chion coiriúil, úsáid chalaoiseach ionstraim íocaíochta neamhairgid a goideadh nó a rinneadh a leithreasú nó a fháil ar shlí neamhdhleathach eile, i gcás ina ndéantar sin d'aon ghnó.

Thrasuigh 25 Bhallstát Airteagal 3(a) den Treoir. I measc na 25 thír, thrasuigh 14 díobh an Treoir trí fhoráil lena ndírítear go sonrach ar úsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhairgid (AT, CY, ES, FI, HU, IT, LT, MT, NL, PT, RO, SE, SI, SK). Thagair na Ballstáit eile do chionta níos ginearálta, amhail calaois agus góchumadh ríomhairí, nó calaois a bhaineann le modh íocaíochta, cionta nach bhfuil teoranta d'ionstraimí íocaíochta neamhairgid (BE, BG, CZ, DE, EE, EL, FR, HR, LU, LV, PL, SE, SK).

I reachtaíocht HR, ní thagraítear d'úsáid ionstraimí íocaíochta a goideadh nó a rinneadh a leithreasú ar shlí neamhdhleathach eile; san fhoráil maidir le trasuí in HU, ní thagraítear ach d'ionstraimí íocaíochta neamhairgid leictreonacha amháin.

De réir Airteagal 3(b) den Treoir, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gurb inphionóis, mar chion coiriúil, úsáid chalaoiseach ionstraim íocaíochta neamhairgid a góchumadh nó a falsaíodh, i gcás ina ndéantar sin d'aon ghnó.

Trasuíodh Airteagal 3(b) ar bhealach iomlán i gcoitinne.

Chun an Treoir a thrasuí, tagraíonn 15 Bhallstát d'fhorálacha náisiúnta maidir le hionstraimí íocaíochta neamhairgid (AT, CY, DE, EE, ES, FI, HR, HU, IT, LT, MT, NL, PT, RO, SI), agus sa reachtaíocht náisiúnta maidir le trasuí i ndeich mBallstát, cumhdaítear cionta níos ginearálta amhail gadaíocht nó calaois, nó cionta a bhaineann le hionstraimí íocaíochta, ach nach mbaineann le hionstraimí neamhairgid go sonrach (BE, BG, CZ, EL, FR, LU, LV, PL, SE, SK).

b) Cionta a bhaineann le húsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta corpracha neamhairgid

Le hAirteagal 4 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gurb inphionóis, mar chion coiriúil, gníomhartha intinniúla a liostaítear laistigh d'fhomhíreanna na Treorach. Áirítear sna fomhíreanna ionstraim chorprach neamhairgid íocaíochta a ghoideadh nó a leithreasú go neamhdhleathach (a); ionstraim chorprach neamhairgid íocaíochta a ghóchumadh nó a fhalsú chun críoch calaoise (b); ionstraim chorprach neamhairgid íocaíochta i seilbh an duine féin, a goideadh nó a dílsíodh ar shlí neamhdhleathach eile, nó a góchumadh nó a falsaíodh chun críoch calaoise (c); ionstraim chorprach neamhairgid íocaíochta a goideadh, a góchumadh nó a falsaíodh chun críoch calaoise a sholáthar don duine féin nó do dhuine eile, lena n-áirítear an ionstraim sin a fháil, a leithreasú, a cheannach, a aistriú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a iompar, nó a dháileadh (d).

Cé gur cosúil gur trasuíodh Airteagal 4 ar bhealach a bhí nach mór litriúil, i roinnt cásanna ardaítear ceisteanna leis an trasuí náisiúnta maidir le gníomhartha sonracha ina ndéantar ionstraim chorprach neamhairgid íocaíochta a goideadh, a góchumadh nó a falsaíodh chun calaois a sholáthar don duine féin nó do dhuine eile.

c) Cionta coiriúla a bhaineann le húsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhchorpracha neamhairgid

In Airteagal 5 den Treoir, déantar coir as iompar atá nasctha le húsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhchorpracha neamhairgid. Léiríodh san anailís nach cosúil gur cruthaíodh dúshláin maidir le trasuí leis an Airteagal sin. I bhformhór na gcásanna, tá feidhm ag an bhforáil náisiúnta maidir le hionstraim íocaíochta corpracha agus neamhchorpracha neamhairgid. Thrasuigh thart ar leath de na Ballstáit Airteagal 5 den Treoir trí fhorálacha níos ginearálta (BE, BG, DE, EE, FI, HR, FR, LV, PL, SE, SK), agus thrasuigh breis agus leath díobh trí fhoráil a bhaineann go sonrach le húsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta neamhairgid (AT, CY, CZ, EL, ES, HU, IT, LT, LU, NL, PT, RO, SI).

d) Calaois a bhaineann le córais faisnéise

In Airteagal 6 den Treoir, cuirtear d’oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil, i gcás ina ndéantar sin d’aon ghnó, airgead, luach airgeadúil nó airgeadra fíorúil a aistriú nó aistriú den chineál sin a chur faoi deara agus a d’fhágfadh caillteanas neamhdhleathach maoine a chur faoi deara do dhuine eile, d’fhonn gnóthachan neamhdhleathach a dhéanamh do dhéantóir na coire nó do thríú páirtí, gan cheart, trí bhac a chur ar fheidhmiú an chórais faisnéise nó trí chur isteach ar fheidhmiú an chórais sin, gan cheart (Airteagal 6(a)); nó, sonraí ríomhaireachta a thabhairt isteach, a athrú, a scriosadh, a tharchur nó a cheilt, gan cheart (Airteagal 6(b)). Thrasuigh na Ballstáit uile Airteagal 6.

e) Uirlisí a úsáidtear chun cionta coiriúla a dhéanamh

Le hAirteagal 7 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis, mar chion coiriúil, gléas nó ionstraim, sonraí ríomhaireachta nó aon mhodh eile a dhéantar a dhearadh nó a oiriúnú go sonrach a sholáthar don duine féin nó do dhuine eile, chun aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 4(a)-(b), in Airteagal 5 (a)-(b) nó in Airteagal 6 a dhéanamh, ar a laghad agus é beartaithe go n-úsáidfear na modhanna sin chun an cion a dhéanamh.

Thrasuigh formhór mór na mBallstát Airteagal 7 den Treoir (AT, CY, CZ, DE, EE, ES, FI, FR, HR, IT, LT, LV, NL, RO, SE, SI, SK).

Thrasuigh sé thír Airteagal 7 den Treoir trí fhorálacha lena ndéantar crostagairt d’fhorálacha níos leithne, maidir le cionta ginearálta amhail gadaíocht nó maidir le hionstraimí airgeadais agus modhanna íocaíochta (BG, FI, FR, LV, SE, SK). Thrasuigh 17 dtír an tAirteagal trí fhoráil shonrach maidir le huirlisí a úsáidtear chun cionta éagsúla na Treorach a bhaineann le ionstraimí corpracha nó neamhchorpracha íocaíochta neamhairgid (AT, CY, CZ, DE, EE, EL, ES, HR, HU, IT, LT, LU, MT, NL, PL, RO, SI).

De réir dealraimh, bhí dúshlán roimh chúig Bhallstáit maidir leis an trasuí (BE, BG, HU, PL, PT).

## 2.3 Rialacha ginearálta maidir leis na cionta lena mbaineann

a) Gríosú, cabhrú agus neartú; iarracht a dhéanamh

Faoi Airteagal 8(1) den Treoir, ní mór do na Ballstáit a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil gríosú nó cabhrú agus neartú a dhéanamh i dtaca le cion dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7.

Thrasuigh na Ballstáit uile an fhoráil sin. Thrasuigh formhór mór na mBallstát an Treoir trí airteagal atá ann cheana maidir le gríosú, cabhrú agus neartú i gcoitinne (AT, BE, BG, CZ, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IT, LT, LU, LV, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK). Mar sin féin, chinn dhá Bhallstát foráil nua a achtú a bhfuil feidhm aici i gcomhthéacs chionta na Treorach amháin (CY, MT).

In Airteagal 8(2), an chéad abairt den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil iarracht cion a dhéanamh atá in Airteagal 3, Airteagal 4(a), (b) nó (d), Airteagal 5(a) nó (b), nó Airteagal 6. De réir dealraimh, thrasuigh na Ballstáit uile an fhoráil seo ar bhealach iomlán, cé is moite de BE, LU agus SI.

Sa chás sin freisin, thrasuigh formhór mór na mBallstát an Treoir trí fhoráil atá ann cheana a bhfuil feidhm aici maidir le hiarracht a dhéanamh i gcoitinne (AT, BG, CZ, EE, EL, ES, FR, HR, HU, IT, LT, LV, NL, PL, PT, SE, SK). D'áirigh na Ballstáit eile an fhoráil i mbeart trasuite speisialta (CY, DE, FI, MT, RO).

Chomh maith léi sin, ní mór do na Ballstáit a áirithiú, den chuid is lú, gurb inphionóis mar chion coiriúil iarracht a dhéanamh ionstraim íocaíochta neamhchorprach neamhairgid a fuarthas go neamhdhleathach, a góchumadh nó a falsaíodh a sholáthar don duine féin nó do dhuine eile chun críche calaoise (Airteagal 5(d)), Airteagal 8(2), an dara abairt.

Sa mheasúnú, léiríodh go bhféadfadh sé go mbeadh coiriúlú na hiarrachta a dhéantar a bheith faoi réir teorainneacha nach bhforáiltear sa treoir i gcás dhá Bhallstát (HR, SI).

Thrasuigh na Ballstáit eile uile forálacha ábhartha na Treorach. Rinne siad amhlaidh trí bhíthin airteagal maidir le hiarracht a dhéanamh i gcoitinne (AT, BE, BG, CZ, IT, EE, EL, ES, FR, HU, LT, LU, LV, NL, PL, PT, SE, SK), nó trí bheart trasuite speisialta (CY, DE, FI, MT, RO).

b) Pionóis

Le hAirteagal 9, léirítear gurb inphionóis na coireanna in Airteagail 3 go 8 trí phionóis choiriúla éifeachtacha chomhréireacha agus athchomhairleacha a ghearradh, agus soláthraítear an t-uastéarma príosúnachta i leith na gcionta difriúla.

Cé gur thrasuigh na Ballstáit i gcoitinne Airteagal 9 den Treoir, sainaithníodh sa mheasúnú saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le raon feidhme an tsainmhínithe maidir le hAirteagal 9(2) in HR, agus 9(6) in BE, CZ, HR agus HU.

Tá sé casta comparáid a dhéanamh idir na smachtbhannaí a leagann na Ballstáit síos le haghaidh na gcionta difriúla mar cumhdaítear iad le forálacha ginearálta agus sonracha araon. Nuair a thrasuigh siad an Treoir trí fhorálacha maidir le cionta ginearálta, bhí na Ballstáit ag brath ar roinnt forálacha náisiúnta chun coir a dhéanamh as ceann de na gníomhartha a thoirmisctear leis an Treoir. Is é a bhíonn mar thoradh air sin roinnt pionós uasta is infheidhme maidir leis an gcion sonrach sin agus tugtar le tuiscint go mbeadh an smachtbhanna uasta iarbhír ag brath ar gach cás ar leith, ar an gcur chuige a leanfadh na Cúirteanna agus ar rialacha náisiúnta maidir le smachtbhannaí comhthráthacha. Mar shampla, in PL, is í an riail atá ann nach féidir ach gurb ionann gníomh amháin agus cion amháin. I gcás ina bhfuil gnéithe de dhá fhoráil nó níos mó maidir leis an dlí coiriúil, ní mór don Chúirt cion sonrach amháin a roghnú. Os a choinne sin, in BG, i gcásanna ina bhforáiltear maidir le dhá phionós nó níos mó a fhorchur i gcomhthráth le haghaidh coir ar leith, cinnfidh an chúirt méid gach pionóis sa chaoi is go gcomhlíonann an tsuim cuspóirí ginearálta an phionóis.

Thairis sin, d'fhéadfadh imthosca géaraitheacha a bheith i bhforálacha a d'fhéadfadh go dtabharfaí méadú ar an uasleibhéal ceadaithe in idirbheart airgeadais agus go mbeadh tuilleadh smachtbhannaí ann dá thoradh sin. Dá bhrí sin, braitheann an pionós uasta ar an gcaoi a ndéantar an cion. Mar shampla, in HR, baineann pionós uasta 5 bliana príosúnachta leis an bhforáil ghinearálta maidir le míleithreasú. Mar sin féin, má úsáideann an ciontóir fornirt, is é an pionós uasta 10 mbliana, agus má bhaintear gnóthachan ábhartha substaintiúil amach mar thoradh ar an ngníomh, féadfar suas le 12 bhliain príosúnachta a ghearradh ar an gciontóir. In DE, is é atá mar thoradh ar úsáid chalaoiseach ionstraimí íocaíochta corpracha neamhairgid 5 bliana príosúnachta ar a mhéad. Mar sin féin, i gcás inar ghníomhaigh an ciontóir chun críche tráchtála, is é a bheidh sa phionós 10 mbliana ar a mhéad.

Léiríodh sa mheasúnú freisin, i bhformhór na gcásanna, go bhfuil na tairseacha dá bhforáiltear sa reachtaíocht intíre níos déine ná na tairseacha a leagtar síos sa Treoir. D'fhéadfadh an difríocht a bheith mór: féadfar uastéarma príosúnachta suas le 15 bliana a ghearradh i leith góchumadh airgid in BG agus LU agus suas le 25 bliana in PL. Ní dhéanann ach dhá Bhallstát foráil maidir leis na pionóis uasta chéanna le pionóis na Treorach (nó pionóis atá an-chosúil leo) (AT, MT).

c) Dliteanas daoine dlítheanacha

Léiríodh sa mheasúnú gur thrasuigh 16 Bhallstát Airteagal 10 den Treoir trí fhoráil ghinearálta dá gCód Coiriúil atá ann cheana (AT, CZ, BE, BG, DE, EE, ES, FR, HR, HU, LU, LV, NL, PT, RO, SE), agus thrasuigh naoi mBallstát é trí dhlí maidir le dliteanas daoine dlítheanach i gcomhthéacs na Treorach, go sonrach (CY, EL, FI, IT, LT, MT, PL, SI, SK).

d) Smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha

Le hAirteagal 11 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur ar bun i bhfoirm fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla do dhaoine dlítheanacha freisin. Leag na Ballstáit uile na smachtbhannaí sin amach.

Le hAirteagal 11, foráiltear maidir le rogha do na Ballstáit chun smachtbhannaí éagsúla sonracha le haghaidh daoine dlítheanacha a áireamh ann, amhail iad a eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó iad a fhoirceannadh. Níor bhain sé Bhallstát úsáid as an rogha in Airteagal 11 den Treoir in aon chor (AT, BG, EE, FI, NL, SE). Thrasuigh na 19 mBallstát eile Airteagal 11 ina iomláine, nó codanna de (BE, CY, CZ, DE, EL, ES, FR, HR, HU, IT, LT, LU, LV, MT, PL, PT, RO, SI, SK).

e) Dlínse

Maidir leis Airteagal seo ina gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit dlínse a shuí i leith cionta arna ndéanamh ar a gcríoch nó ag náisiúnach dá dtír, trasuitear é trí fhorálacha ginearálta an Chóid Choiriúil náisiúnta nó an Chóid Nós Imeachta Choiriúil sna Ballstáit uile. Dá bhrí sin, tá feidhm ghinearálta ag prionsabal an chríochachais agus prionsabal na náisiúntachta gníomhaí agus ní bhaineann siad go sonrach leis na cionta a rialaítear leis an Treoir seo. Ina theannta sin, thrasuigh CY Airteagal 12 sa Dlí náisiúnta um Chalaois a Chomhrac agus sa Dlí um Ghóchumadh Modha Íocaíochta Neamhairgid, agus thrasuigh PT sa Dlí um an gCibearchoireacht é.

Thrasuigh na Ballstáit uile Airteagal 12(1), pointí (a) agus (b).

Le hAirteagal 12(3), is féidir leis na Ballstáit dlínse a shuí ar chion dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 den Treoir, cion a rinneadh lasmuigh de chríoch an Bhallstáit, i gcás, inter alia, a) ina ndearna duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi ina chríoch an cion; b) ina ndearnadh an cion ar mhaithe le duine dlítheanach atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit; nó c) ina ndearnadh an cion i gcoinne náisiúnach dá chuid nó duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi ar chríoch an Bhallstáit sin. Bhain 14 Bhallstát (BE, CY, CZ, DE, EL, ES, FI, HR, LT, LV, MT, NL, SE, SK) úsáid as an rogha a leagtar síos in Airteagal 12(3)(a); Thrasuigh 12 Bhallstát (BE, CY, CZ, EL, FI, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SK) Airteagal 12(3)(b); agus chuir 16 Bhallstát (AT, BG, CY, CZ, DE, EE, EL, FI, FR, HR, HU, LV, MT, RO, SE, SI) síneadh lena ndlínse i gcomhréir le hAirteagal 12(3)(c). A mhéid a bhaineann leis an bpointe (c) sin, in BG, DE, EE, HU, RO agus SI, suíodh dlínse ar chion a dhéantar lasmuigh dá gcríoch i gcás ina ndéantar an cion (agus sa chás sin amháin) i gcoinne duine dá náisiúnaigh — rud a fhágann go bhfágfar daoine a bhfuil ghnáthchónaí orthu iontu ar lár. Déanann AT foráil maidir le cion coiriúil a ionchúiseamh le córas ceartais choiriúil na hOstaire le haghaidh cionta a dhéantar ar an gcoigríoch más Ostaraigh an té a rinne coir agus an t-íospartach. Bhain CY, CZ, EL, FI, LV agus MT úsáid as na trí fhoráil roghnacha a leagtar síos in Airteagal 12(3).

2.4 Saincheisteanna oibríochtúla

a) Imscrúduithe éifeachtacha agus comhar éifeachtach

Sna Ballstáit uile, ní áirítear uirlisí imscrúdaitheacha chun na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 a imscrúdú agus a ionchúiseamh go sainráite sa reachtaíocht lena dtrasuitear an Treoir, ach áirítear i reachtaíocht níos ginearálta iad, amhail Cóid um Nós Imeachta Coiriúil. Go hiondúil, baineann an fhéidearthacht uirlis imscrúdaitheach a úsáid i gcás áirithe leis an smachtbhanna i leith an chion i gceist; dá bhrí sin, mar atá ráite cheana i bhforáil na Treorach, beidh na huirlisí imscrúdaitheacha a úsáidtear i gcoireacht eagraithe a chomhrac nó i gcásanna coireachta tromchúisí eile ar fáil chun na cionta a leagtar síos sa Treoir seo a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Is minic a áirítear sna forálacha dlíthiúla ábhartha agus/nó sa Bhunreacht eisceachtúlacht roinnt uirlisí imscrúdaitheacha agus an gá atá le comhréireacht leis an gcion.

Ba cheart faisnéis maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 a bheith curtha chuig na húdaráis atá ag déanamh imscrúdú nó ionchúiseamh ar na cionta sin, gan moill mhíchuí, de réir Airteagal 13(2) den Treoir. Is é sin le rá, ba cheart rochtain thráthúil ar fhaisnéis ábhartha a bheith ag údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis inniúla eile chun na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a imscrúdú agus a ionchúiseamh (Aithris 22). Is minic a fhoráiltear sa Chód um Nós Imeachta Coiriúil maidir le córais tuairiscithe éagsúla ionas gur féidir cionta coiriúla (de réir bhrí Airteagail 3 go 8 den Treoir) a thuairisciú go héifeachtúil agus go tapa. Áirítear ar na córais tuairiscithe sin na nithe seo a leanas: dualgas tuairiscithe ar chomhlachtaí agus údaráis phoiblí; córas sceithireachta; nós imeachta gearáin; oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta teagmhais thromchúiseacha oibríochtúla nó slándála a thuairisciú; agus ceart daoine aonair príobháideacha teagmhais a thuairisciú. Thairis sin, le dlíthe eile atá níos sonraí, is féidir a áirithiú go ndéanfar tuairiscí ar theagmhais slándála (lena n-áirítear tuairiscí ar ghníomhartha coiriúla tromchúiseacha, amhail éadáil neamhúdaraithe, brionnú agus athrú ar mhodh íocaíochta) a thuairisciú do na húdaráis ábhartha chomh tapa agus is féidir. Thuairiscigh AT, CZ, LT, FI, MT agus PT na dlíthe sin.

Is minic nach dtrasuitear go sainráite an coinníoll gur cheart an fhaisnéis a chuirtear isteach ‘a chur faoi bhráid na n-údarás gan moill mhíchuí’.

b) Malartú faisnéise

Malartú faisnéise i measc údarás náisiúnta forfheidhmithe dlí chun coireanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear na cionta sin dá dtagraítear in Airteagail 3 go 8 den Treoir, is féidir é a éascú trí phointí teagmhála oibríochtúla (Aithris 26). In Airteagal 14(1), an chéad abairt den Treoir, áirithítear gur bhunaigh na Ballstáit na pointí teagmhála sin go deimhin, agus go bhfuil siad ar fáil 24/7. Thairis sin, sa dara abairt, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun déileáil go pras le hiarrataí práinneacha ar chúnamh agus freagra a thabhairt laistigh de 8 n-uaire an chloig, trí thabhairt le fios cé acu a fhreagrófar an iarraidh nó nach bhfreagrófar í agus foirm an fhreagra sin agus an t-am measta ar lena linn a sheolfar í.

Chinn na Ballstáit seo a leanas úsáid a bhaint as pointe teagmhála aonair atá ann cheana chun na gcríoch ar a dtugtar tuairisc sa Treoir seo: AT, BE, CY, EE, EL, ES, FR, HU, IT, LT, LV, NL, PL, PT, SE.

I dtábla 1, tugtar forléargas ar na pointí teagmhála atá bunaithe. Níor sainaithníodh aon phointí teagmhála in BG, CZ, LU, SI, HR.

*Tábla 1 Pointí Teagmhála Oibríochtúla*

| An Ballstát | Pointe Teagmhála | An Ballstát | Pointe Teagmhála |
|---|---|---|---|
| **AT** | An Oifig Póilíní Coiriúla Cónaidhme | **EE** | An Aireacht Dlí agus Cirt |
| **BE** | Stiúrthóireacht na Faisnéise Oibríochtúla Póilíneachta | **FI** | An Biúró Náisiúnta Faisnéise |
| **BG** | Neamhbhainteach | **FR** | Rannán Lár-Stiúrthóireacht na bPóilíní Breithiúnacha maidir le caidreamh idirnáisiúnta |
| **CY** | Póilíní na Cipire | **HR** | Neamhbhainteach |
| **CZ** | Neamhbhainteach | **HU** | An Lárionad um Chomhar Coiriúil Idirnáisiúnta (NEBEK) |
| **DE** | 16 Oifig Póilíní Coiriúla agus Oifig Póilíní Coiriúla Cónaidhme amháin - Pointí Teagmhála Cibearchoireachta Lárnacha | **MT** | Póilíní Mhálta |
| **EL** | Na Póilíní Heilléanacha (An Rannán um Chomhar Idirnáisiúnta Póilíneachta) | **ES** | An tAonad um Chomhordú Éigeandála |
| **IT** | Seomra Oibríochtaí Idirnáisiúnta na Seirbhíse um Chomhar Póilíneachta Idirnáisiúnta | **NL** | An Lárionad Náisiúnta um Chúnamh Dlíthiúil Idirnáisiúnta (LIRC) |
| **LT** | An dara Rannán de Bhord Bainistíochta Fórsa na Roinne Póilíneachta faoi Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Liotuáine agus Bord Caidrimh Idirnáisiúnta Bhiúró Póilíní Coiriúla na Liotuáine | **PL** | Ceanncheathrú lárnach na bPóilíní Ginearálta |
| **LV** | Na Póilíní Náisiúnta | **PT** | Na Póilíní Coiriúla |
| **RO** | An Roinn um Ionchúiseamh agus Imscrúdú Coiriúil in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí | **SE** | An tÚdarás Póilíneachta |
| **SI** | Neamhbhainteach | **SK** | Biúró Póilíneachta Coiriúla Phraesaidiam Phóilíní Phoblacht na Slóvaice |

Cuireadh Airteagal 14(1), an dara abairt den Treoir, chun feidhme go praiticiúil i roinnt Ballstát. Níorbh fhéidir faisnéis maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann le hiarrataí práinneacha a fháil in BE, BG, CZ, LV, RO, FR, HR, LU, NL, PL, SE, SK.

c) Coir a thuairisciú

Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit freisin bealaí tuairiscithe iomchuí a chur ar fáil. Na bealaí sin chun calaois amhrasta a thuairisciú nó, ar bhonn níos ginearálta, aon chionta coiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann a thuairisciú, is féidir iad a leagan síos i ngníomhartha reachtacha. Is minic a bhunaigh na Ballstáit tuairisciú coire mar oibleagáid le haghaidh catagóirí áirithe daoine (nádúrtha agus dlítheanacha) (a bheag nó a mhór i gcomhréir le hAirteagal 15(2)), agus tugtar an deis d'íospartaigh agus do 'daoine ar an láthair' tuairisciú a dhéanamh (ach ní chuirtear d'oibleagáid orthu sin a dhéanamh). De ghnáth, comhlánaítear na forálacha dlíthiúla sin le cur chun feidhme praiticiúil.

Sna Ballstáit uile, is féidir tuarascálacha i scríbhinn nó ó bhéal a chur faoi bhráid na bpóilíní agus/nó na mbreithiúna. Ina theannta sin, sholáthair roinnt Ballstát bealaí breise tuairiscithe:

I ndlí cónaidhme AT, foráiltear maidir le córais tuairiscithe éagsúla ionas gur féidir cionta coiriúla (de réir bhrí Airteagail 3 go 8 den Treoir) a thuairisciú go héifeachtúil agus go tapa: 1) an dualgas tuairiscithe ar chomhlachtaí agus údaráis phoiblí; 2) córas sceithireachta Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Éilliú; 3) córas sceithireachta Údaráis na Margaí Airgeadais; agus 4) an oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta teagmhais thromchúiseacha oibríochtúla nó slándála a thuairisciú. Bunaíodh oifig shonrach tuairiscithe le haghaidh na cibearchoireachta ag an Oifig Póilíní Coiriúla Cónaidhme. Ina theannta sin, tá an Aireacht Cónaidhme Gnóthaí Baile ag comhoibriú leis an gComhlachas Eacnamaíoch Cónaidhme. Dá thoradh sin, tá cora poist agus feachtais éagsúla ar siúl, rud a thugann misneach agus spreagadh don phobal sáruithe ábhartha ar an dlí a thuairisciú.

In BE, bainistíonn an Aireacht Geilleagair pointe teagmhála aonair le haghaidh íospartaigh chalaoise, cibirsceamála, meabhlaireachta agus caimiléireachta. Ina theannta sin, bunaíodh bealach sceithireachta go dlíthiúil agus chuir an tÚdarás Seirbhísí Airgeadais agus Margaí ar fáil é le haghaidh na ngearán uile a bhaineann le táirgí agus seirbhísí creidmheasa nó infheistíochta.

In CY, déantar Póilíní na Cipire, in éineacht le Banc Ceannais na Cipire agus an t-údarás náisiúnta um slándáil líonra agus córas faisnéise, a ainmniú go foirmiúil trí bhíthin beart reachtach mar na húdaráis inniúla náisiúnta atá freagrach as bealaí iomchuí tuairiscithe agus cumarsáide a chur ar bun.

Le dlí coiriúil CZ, cuirtear d'oibleagáid ar údaráis Stáit tuairisc a thabhairt.

In DE, ceanglaítear ar eintitis faoi oibleagáid idirbhearta amhrasacha a thuairisciú gan moill mhíchuí. Ina theannta sin, glacadh bearta neamhreachtacha ar leibhéal na Cónaidhme, amhail comhpháirtíocht institiúidithe phríobháideach phoiblí chun na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 go 8 den Treoir a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus ardán chun faisnéis a mhalartú.

In EL, i dteannta na mbealaí tuairiscithe ginearálta, chuir rialtas na Gréige seirbhís stáit ar líne ar bun inar féidir le saoránaigh gearáin a chur isteach le haghaidh cionta coiriúla a dhéantar ar líne. Ina theannta sin, ní mór d'institiúidí creidmheasa agus do sholáthraithe eile seirbhísí íocaíochta aon fhorleithne calaoise a thuairisciú do Bhanc na Gréige láithreach nuair a thagann siad uirthi (ar banc é a bhfuil inniúlachtaí aige maidir leis na gearáin sin).

In ES, cé is moite de bhealaí ginearálta chun cionta a thuairisciú, soláthraíonn Banc na Spáinne bealach tuairiscithe i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta Cibearshlándála.

I reachtaíocht na hIodáile, áirithítear tráthúlacht nuair a chuireann na póilíní breithiúnacha scéala faoi chion in iúl don ionchúisitheoir poiblí, scéala a fuair siad ar a dtionscnamh féin nó tar éis gearáin nó cás dlí. Moltar faisnéis a roinnt trí ardáin dhigiteacha freisin.

Tá neart bealaí tuairiscithe ag LT chun na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 go 8 den Treoir a thuairisciú, trí leathanach gréasáin idirlín (Tairseach na ríomhphóilíní), tríd an uimhir theileafóin éigeandála ghinearálta 112, trí theacht ar an láthair, trí ríomhphost, trí theachtaireacht téacs agus trí fheidhmchlár móibíleach na ríomhphóilíní, agus trí mhodhanna uathoibríocha eile. Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, institiúidí airgeadais agus eintitis eile faoi oibleagáid, Banc na Liotuáine agus an An tSeirbhís um Imscrúdú ar Choireanna Airgeadais na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a chur ar an eolas faoi amhras réasúnach maidir le gníomhaíochtaí coiriúla agus/nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile.

In LU, tá suíomh gréasáin ar fáil ina mínítear an chaoi le calaoisí a thuairisciú. Leag an Coimisiún um Rialú ar an Earnáil Airgeadais treoirlínte síos chun calaois airgeadais a bhrath ach iarrann sé freisin ar na bunaíochtaí uile atá faoina mhaoirseacht chun aon chalaoisí agus aon teagmhais a tharlaíonn de bharr ionsaithe seachtracha ar ríomhairí a thuairisciú a luaithe is féidir.

In RO, tá oibleagáid tuairiscithe ar sheirbhísigh phoiblí agus daoine a bhfuil poist bhainistíochta acu laistigh d'údaráis phoiblí, daoine a dhéanann seirbhísí ar mhaithe le leas an phobail agus daoine a ghníomhaíonn laistigh de chomhlachtaí rialaithe agus maoirseachta.

In SI, tá dualgas ar na húdaráis agus na heagraíochtaí stáit uile agus a bhfuil údarás poiblí acu cion coiriúil a thuairisciú.

Leis an ardán Perceval in FR, arna bhunú le gníomh dlíthiúil, is féidir le híospartaigh calaois agus góchumadh cártaí bainc a thuairisciú. Tá ardán den chineál céanna ann chun tuairisciú maidir le cibearchoiriúlacht. Thairis sin, baineann smachtbhannaí le haon duine (nádúrtha nó dlítheanach) nach gcuireann cosc le coir lena g(h)níomh láithreach, agus fágann sé sin go bhfuil oibleagáid ghinearálta air/uirthi tuairisc a thabhairt dá bhrí sin.

In HU, ní leagtar síos an oibleagáid maidir le cion coiriúil a thuairisciú ach amháin i gcás comhaltaí an údaráis, oifigigh phoiblí agus comhlachtaí gairmiúla reachtúla. Ar a shuíomh gréasáin, molann Banc Náisiúnta na hUngáire d'institiúidí airgeadais calaois amhrasta a thuairisciú, i bhfoirm tuairime.

In MT, leis an bpointe teagmhála náisiúnta, moltar calaois amhrasta agus góchumadh amhrasta modha íocaíochta neamhairgid a thuairisciú, go háirithe i gcás institiúidí airgeadais.

Cé is moite den bhealach tuairiscithe sceithireachta in PT a bunaíodh go dlíthiúil, tá Córas Tuairiscithe Cibearchoireachta 'aon chlic amháin' ar fáil, áit ar féidir nasc a leanúint a osclaíonn ríomhphost atá dírithe ar na húdaráis inniúla láithreach.

In SE, is féidir cineálacha áirithe coireachta, amhail calaois cártaí creidmheasa, a thuairisciú freisin trí ríomhsheirbhís an Údaráis Póilíneachta. Ina theannta sin, tá oibleagáid ar ghníomhaithe i ngníomhaíochtaí baincéireachta agus maoinithe gníomhaíochtaí amhrasacha a bhaineann le cásanna féideartha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, nó maoin a thagann as gníomhaíocht choiriúil ar bhealach eile a thuairisciú don Údarás Póilíneachta. Ina theannta sin, coinnítear idirphlé leanúnach ar siúl idir oibríochtaí baincéireachta agus airgeadais agus Lárionad Náisiúnta Calaoise an Údaráis Póilíneachta.

Le forálacha dlíthiúla in SK, leagtar amach ceanglas ar údaráis phoiblí agus ar dhaoine dlítheanacha eile cionta coiriúla a thuairisciú do na húdaráis forfheidhmithe dlí láithreach (agus leagtar amach nósanna imeachta umpu sna forálacha freisin). Tá oibleagáidí tuairiscithe ann freisin a bhaineann le sciúradh airgid a dhéanann daoine faoi oibleagáid agus a dhéanann bainc go sonrach.

Mar mhalairt air sin, tharla gníomhaíochtaí neamhreachtacha lena gcuirtear Airteagal 15 den Treoir chun feidhme in NL agus PL. Le línte seirbhíse póilíneachta na hÍsiltíre agus suíomh gréasáin na bpóilíní, cuirtear bealach iomchuí ar fáil chun calaois a bhaineann le modh íocaíochta neamhairgid a thuairisciú do na húdaráis. Thairis sin, tá gealltanas tugtha ag rialtas na hÍsiltíre d’institiúidí airgeadais agus do dhaoine dlítheanacha eile aon chalaois amhrasta a thuairisciú. Léirítear an iarracht trí oifig thosaigh a bheith ann le haghaidh na calaoise airgeadais, mar shampla, rud atá suiteáilte sna haonaid phóilíneachta uile san Ísiltír. Chomh maith léi sin, shínigh ceithre bhanc mhóra agus cártaí ICS cúnant leis na póilíní chun an chalaois (bhaincéireachta) agus an fhioscaireacht a chomhrac go comhpháirteach. In PL, glacann na haonaid phóilíní uile le tuarascálacha ar choireanna 24/7. Ina theannta sin, de bharr nádúr na gcoireanna a dhéantar le húsáid teicneolaíochtaí ríomhaireachta, is féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh leo trí aonad eagraíochtúil speisialaithe i gCeanncheathrú na bPóilíní. Thairis sin, chun an comhar is tapúla agus is féidir a áirithiú le hearnáil na baincéireachta, bunaíodh bealach comhair idir an Biúró chun an Chibearchoireacht a Chomhrac i gCeanncheathrú na bPóilíní agus Lárionad Slándála Baincéireachta Chumann Banc na Polainne.

Níor trasuíodh Airteagal 15(2) den Treoir in BG, EE, HR.

## 2.5 Tacaíocht d’íospartaigh agus cosc

a) Cúnamh agus tacaíocht d’íospartaigh

Le hAirteagal 16(1) den Treoir, áirithítear go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha ar mí-úsáideadh a sonraí pearsanta. Ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh sna bearta: a) faisnéis shonrach agus comhairle shonrach a chur ar fáil maidir le cosaint i gcoinne iarmhairtí diúltacha coire den sórt sin, agus b) liosta de na hinstitiúidí tiomnaithe lena gcumhdaítear gnéithe difriúla den choireacht a bhaineann le haitheantas agus tacaíocht d’íospartaigh a sholáthar.

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart rochtain a bheith ag daoine dlítheanacha ar íospartaigh na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 3 go 8 den Treoir seo iad ar fhaisnéis faoi a) na nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh, b) an ceart chun faisnéis a fháil faoin gcás, c) na nósanna imeachta atá ar fáil chun gearáin a dhéanamh mura n-urramaíonn an t-údarás inniúil cearta an íospartaigh le linn imeachtaí coiriúla, agus d) na sonraí teagmhála le haghaidh cumarsáid i dtaca lena gcás (Airteagal 16(3) den Treoir).

Sa Chód um Nós Imeachta Coiriúil i bhformhór na mBallstát, tá rialúcháin maidir le híospartaigh agus a gcearta, lena n-áirítear roinnt forálacha sonracha maidir le cearta na n-íospartach faisnéis agus cúnamh a fháil le linn imeachtaí, an ceart chun comhairleoireachta agus an ceart chun gearán a dhéanamh. Is minic a chomhlánaíonn Gníomh sonrach lena dtrasuitear an Treoir an méid atá leagtha amach cheana sa Chód um Nós Imeachta. De ghnáth, caitear le daoine dlítheanacha i bhforálacha dlíthiúla ar leithligh laistigh den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, nó in áit eile. Ina theannta sin, tá feachtais faisnéise éagsúla, bileoga eolais, suíomhanna gréasáin tiomnaithe, ciorcláin, etc ar fáil chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 3 go 8 den Treoir. Is amhlaidh an cás in AT, BE (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(1)), CY, CZ, DE, IT, LT , LU (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(1)), LV, (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(3)), RO, SI (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(3)), EE, FI (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(1)), FR (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(1)), HR, HU, NL, PL (a mhéid a bhaineann le hAirteagal 16(3)), PT, SE agus SK. Níor trasuíodh Airteagal 16(1) agus/nó Airteagal 16(3) den Treoir go litriúil ná beagnach go litriúil in aon áit, cé is moite de MT.

De ghnáth, tá an liosta de na saoráidí comhairleoireachta creidiúnaithe lena dtugtar cúnamh d'íospartaigh, dá dtagraítear faoi phointe b) d'Airteagal 16(1) den Treoir, ar fáil ar líne, dá bhrí sin cuirtear chun feidhme sa chleachtas é sin.

b) Cosc

Le hAirteagal 17 maidir le cosc ceanglaítear ar na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh, e.g. feachtas faisnéise agus feasachta, cláir taighde agus oideachais. Tá an roinn seo bunaithe ar mheasúnú ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit in iúl don Choimisiún mar aon le taighde Idirlín le foinse oscailte chun féachaint an ann do bhearta coisctheacha. Mar a thugtar tuairisc air i dTábla 2 thíos, nuair a shainaithnítear gníomhaíochtaí um chosc, baineann siad go príomha leis an gcibearchoireacht agus leis an gcalaois ar líne. Mar sin féin, i roinnt tíortha, soláthraítear faisnéis maidir le calaois a chosc freisin; de ghnáth is iad na póilíní a dhéanann é sin.

*Tábla 2 Gníomhartha coisc*

| An Ballstát | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| **AT** | Soláthraíonn na Póilíní Cónaidhme faisnéis ar a suíomh gréasáin agus ar líonraí sóisialta go minic faoi bhealaí chun gur féidir le duine é féin a chosaint i gcoinne na calaoise. Tacaítear le comhar le páirtithe leasmhara amhail an Comhlachas Tráchtála agus cuirtear chun feidhme é laistigh de chreat tionscadal ríomhthráchtála. |
| **BE** | Suíomhanna éagsúla a bhfuil comhairle/ábhair ardaithe feasachta acu, amhail na suíomhanna sin a reáchtálann Lárionad na Beilge um an gCibearshlándáil. D'fhéadfaí roinnt comhair le páirtithe leasmhara a shainaithint trí chuardach idirlín e.g. chomhoibrigh an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht don earnáil airgeadais le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh sa Bhruiséil (Parquet) chun ábhair a fhorbairt maidir le feasacht a mhéadú |
| **BG** | Tosaíodh feachtas chun dul i ngleic le 'miúileanna airgeadais' sa Bhulgáir in 2021 a reáchtáil Cumann na mBanc agus a ndearnadh i gcomhpháirt é leis an Ard-Stiúrthóireacht um 'An comhrac i gcoinne na Coireachta Eagraithe' agus le hoifig an ionchúisitheora. Sheol an Ard-Stiúrthóireacht feachtas maidir leis an bhfioscaireacht freisin |
| **CY** | Soláthraíonn Forannán Cibearchoireachta na bPóilíní faisnéis agus comhairle ar a shuíomh gréasáin maidir le saincheisteanna amhail an chalaois dhigiteach mar aon le faisnéis maidir le himeachtaí atá ar na bacáin, e.g. feachtais feasachta. Sampla amháin is ea an feachtas faisnéise maidir le slándáil faisnéise a rinne na Póilíní, na Bainc Cheannais, Cumann na mBanc agus an tÚdarás Slándála Digití. |
| **DE** | Ar a shuíomh gréasáin, soláthraíonn na Póilíní Cónaidhme forléargas ar na bearta atá dírithe ar chomhpháirtíocht institiúidithe phríobháideach phoiblí chun na cionta a chumhdaítear sa Treoir a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, e.g. an chomhpháirtíocht idir an Oifig Póilíní Coiriúla Cónaidhme (BKA), an Oifig Cónaidhme um Shlándáil Faisnéise (BSI) agus 'Lárionad |

| | |
|---|---|
| | Inniúlachta na Gearmáine i gcoinne na Cibearchoireachta e.V' (G4C), ar cumann institiúidí agus cuideachtaí airgeadais ón earnáil slándála TF é. Sheol BKA Comhdháil C³ maidir leis an gCibearchoireacht freisin, ar ardán é le haghaidh malartú idir údaráis, gnólachtaí, cúrsaí eolaíochta agus cúrsaí polaitíochta. Soláthraíonn G4C bileoga eolais agus oiliúint freisin. Faoi dheireadh, bíonn BKA rannpháirteach i mbearta coisctheacha i réimse na cibearchoireachta ag leibhéal Länder agus, ar an leibhéal náisiúnta, tá BKA ag líonrú le húdaráis agus eagraíochtaí póilíneachta agus neamhphóilíneachta eile (páirtithe leasmhara) agus ag cur dlús le comhar, go háirithe maidir le hábhair treochta. |
| **FR** | Tá an Aireacht Gnóthaí Baile ag foilsiú faisnéis maidir leis an gcibearchosc. Áirítear ar na hardáin atá ar fáil chun an chibearchoireacht a thuairisciú teachtaireachtaí coisc chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta um Fhaisnéis agus Cumarsáide Póilíneachta (SICoP). Ar na samplaí eile atá ann, tá treoir a eisíonn Banc na Fraince nó an treoir maidir le calaois a chosc a d'fhoilsigh an Tascfhórsa Náisiúnta maidir leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise, rud a dhéanann údaráis éagsúla riaracháin agus forfheidhmithe a ghrúpáil. |
| **EL** | Tá an Rannán Cibearchoireachta agus Ceanncheathrú na bPóilíní an-ghníomhach maidir leis an bpobal a chur ar an eolas faoin gcalaois, feasacht a mhéadú ina leith agus an riosca a bheith i d'íospartach calaoise a laghdú trí fheachtais teilifíse, óráidí oideachais agus faisnéis ar líne. |
| **ES** | Soláthraíonn Institiúid Náisiúnta na Spáinne um an gCibearshlándáil agus an Ghníomhaireacht Chánach faisnéis ábhartha ar a suíomh gréasáin chun an fhioscaireacht, bogearraí éirice etc. a chosc i dtimpeallachtaí gnó. |
| **HR** | Soláthraíonn an Aireacht Gnóthaí Baile faisnéis ar líne maidir le calaoisí idirlín agus reáchtálann sí cainéal YouTube atá tiomnaithe do 'Calaois agus Slándáil Ríomhaire' ina bhfuil físeáin faoi chibear-chamscéimeanna |
| **IT** | Tá an Roinn Státchiste ag cur sraith tionscnamh chun cinn cheana féin ar an leibhéal áitiúil, i gcomhar le riaracháin áitiúla agus le córas na n-ollscoileanna, roinn a bhfuil sé de chúram uirthi calaois ar mhodhanna íocaíochta a chosc, trí seimineáir agus ceardlanna a eagrú atá dírithe ar na catagóirí a bhfuil baint acu le góchumadh airgeadra, lena n-áirítear saoránaigh |
| **LT** | Is féidir faisnéis maidir le cosc a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Rialáil Cumarsáide maidir le calaois ar líne agus ar shuíomh gréasáin na bPóilíní maidir leis na cineálacha cibearchalaoise is coitianta. Ina theannta sin, ar cheann de chuspóirí na Straitéise Náisiúnta maidir leis an gCibearchoireacht, tá an chibearchoireacht a chosc agus a rialú, go háirithe trí chomhar éifeachtach a fhorbairt idir údaráis forfheidhmithe dlí agus páirtithe leasmhara eile. |
| **LV** | Tá uirlisí idirlín éagsúla forbartha ag an gCoimisiún Airgeadais agus Margaí Caipitil chun faisnéis agus treoir maidir le slándáil airgeadais agus saincheisteanna calaoise a sholáthar. Ina theannta sin, eagraíodh feachtais éagsúla i gcomhar leis na Póilíní Stáit agus leis an Ionad um Chosaint Cearta Tomhaltóirí. |
| **NL** | Tá bearta i bhfeidhm, amhail an '*Fraudehelpdesk*' (líne chabhrach maidir leis an gcalaois), ar eagraíocht é arna maoiniú ag Rialtas na hÍsiltíre. I gcás inar féidir gníomhaíochtaí calaoiseacha a thuairisciú, tá an *Fraudehelpdesk* mar chuid de SAFECIN stichting (Fondúireacht chun Dul i nGleic le Coireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch san Ísiltír (SAFECIN)), fondúireacht a bhfuil baint ag an rialtas léi |
| **SE** | Coinnítear idirphlé leanúnach ar siúl idir oibríochtaí baincéireachta agus airgeadais agus Lárionad Náisiúnta Calaoise an Údaráis Póilíneachta, NBC. Ina theannta sin, oibríonn NBC i gcomhar le gníomhartha sa ríomhthráchtáil, mar shampla, chun an choireacht a chosc freisin. Leagtar béim sna teagmhálacha sin ar a thábhachtaí atá sé calaois a thuairisciú do na póilíní. |

I ndeich mBallstát (CZ, EE, FI, HU, MT, PL, PT, RO, SI, SK), ní raibh aon fhaisnéis ann maidir le gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí agus cur chun feidhme praiticiúil, cé go léirítear an oibleagáid sin sa reachtaíocht in MT agus RO, agus foclaíocht na Treorach á leanúint go dlúth aici.

### 3. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

De bharr na Treorach seo, tá dul chun cinn substainteach déanta maidir le coir a dhéanamh den chalaois agus de ghóchumadh modha íocaíochta neamhairgid ar leibhéal inchomparáide sna Ballstáit uile, rud a éascaíonn an comhar trasteorann idir údarás forfheidhmithe dlí atá ag imscrúdú cionta den chineál sin. Leasaigh na Ballstáit cóid choiriúla agus reachtaíocht ábhartha eile, rinne siad nósanna imeachta a chuíchóiriú nó chuir siad scéimeanna comhair

feabhsaithe ar bun. Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí móra atá á ndéanamh ag na Ballstáit an Treoir a thrasuí.

Mar sin féin, tá raon feidhme fós ann le haghaidh na Treorach barr a chumais a bhaint amach dá gcuirfeadh na Ballstáit na forálacha uile iontu chun feidhme ina n-iomláine. Maidir le hAirteagal 2(d) ina soláthraítear an sainmhíniú ar airgeadra fíorúil, tugtar le fios san anailís atá déanta go dtí seo go bhfuil sé ar cheann de na príomhfheabhsuithe atá le baint amach ag na Ballstáit; Airteagal 7 maidir le cionta a bhaineann leis na huirlisí a úsáidtear chun na cionta a dhéanamh, agus Airteagal 8(2) maidir le hiarracht a dhéanamh; Airteagal 9(6) maidir le pionóis do dhaoine nádúrtha i gcás ina ndéantar an cion faoi chuimsiú eagraíochta coiriúla; Airteagal 14 maidir le malartú faisnéise; agus Airteagal 16 maidir le cúnamh agus tacaíocht d'íospartaigh.

Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcur chun feidhme na Treorach seo. Go háirithe, foilseofar glao tiomnaithe ar thograí in 2023.

Tá an Coimisiún tiomanta a áirithiú go gcuirfear an trasuí i gcrích ar fud an Aontais agus go gcuirfear na forálacha chun feidhme i gceart. Áirítear air sin faireachán a dhéanamh go gcomhlíonann bearta náisiúnta na forálacha comhfhreagracha sa Treoir. I gcás inar gá, bainfidh an Coimisiún úsáid as a chumhachtaí forfheidhmiúcháin faoi na Conarthaí trí nósanna imeachta um shárú.